

Fógra Poiblí

COIMISIÚN UM THOGLAIGH

Bunaíodh Coimisiún um Thoghlaigh faoi alt 5 den Acht Toghcháin, 1997, chun tuairisciú a dhéanamh maidir leis (a) na dáilcheantair a bhaineann le comhaltaí a thoghadh chun na Dála agus (b) na toghlaigh a bhaineann le comhaltaí a thoghadh chun Parlaimint na hEorpa.

1. Maidir le dailcheantair Dhála, is gá don Choimisiún agus forálacha ábhartha Bhunreacht na hÉireann á mbreathnú aige, aird a thabhairt ar an méid seo a leanas:

- (a) ní bheidh líon iomlán na gcomhaltaí sa Dáil, faoi réir Airteagal 16.2.2 den Bhunreacht, níos lú ná 153 ná níos mó ná 160*;
- (b) 3, 4, nó 5 chomhalta a thoghfad do gach dailcheantar;
- (c) seachnófar sárú teorainneacha contae chomh fada agus is indéanta. Measfar nach gcumhdaíonn an tagairt do theorainneacha contae tagairt do theorainn cathrach ná d'aon teorainn idir aon dá cheann de chontaetha rialtais áitiúil Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Fhine Gall agus Bhaile Átha Cliath Theas;
- (d) beidh gach dailcheantar comhdhéanta de limistéir a thadhlaíonn lena chéile;
- (e) tabharfar aird ar thosca tíreolaíochta, lena n-áirítear gnéithe suntasacha fisiciúla, méid agus dlús an daonra i ngach dailcheantar; agus
- (f) faoi réir na nithe thuas, féachfaidh an Coimisiún le leanúnachas a choinneáil maidir le socrú dailcheantar.

* Is é an líon atá ann faoi láthair ná 158. Faoi Airteagal 16.2.2 den Bhunreacht, ní féidir líon iomlán na gcomhaltaí i nDáil Éireann a shocrú a bheith níos lú ná comhalta an 30,000 duine den daonra ná a bheith níos mó ná comhalta an 20,000 duine den daonra.

2. Maidir le toghlaigh Pharlaimint na hEorpa, beidh aird ag an gCoimisiún ar an méid seo a leanas:

- (a) beidh líon iomlán na gcomhaltaí atá le toghadh sa Stát chun Parlaimint na hEorpa de réir mar a shonrófar de bhun na gConarthaí a rialaíonn na Pobail Eorpacha, (11 atá ann faoi láthair);
- (b) beidh comhionannas réasúnta ionadaíochta ann idir toghlaigh; agus
- (c) na nithe a shonraítear ó (b) go (f) in alt 1 thuas.

Tugann an Coimisiún cuireadh don phobal aighneachtaí scríofa a chur chugainn maidir le nithe ba cheart a bhreithniú agus sinn ag tuairisciú ar dháilcheantair agus ar thoghlaigh. Ba cheart aighneachtaí a sheoladh chuig An Rúnaí, An Coimisiún um Thoghlaigh, Seomra 1.65, Teach an Chustaim, Baile Átha Cliath 1, D01 W6X0, nó trí ríomhphost a sheoladh chuig constituency.commission@housing.gov.ie

Dé Máirt an 10 Eanáir 2017 an dáta deiridh a nglacfar le haighneachtaí.

Foilseofar aighneachtaí a gheobhaidh an Coimisiún ar láithreán gréasáin an Choimisiúin www.constituency-commission.ie agus féadfar iad a scrúdú ach socrú a dhéanamh roimh ré leis an gCoimisiún i dTeach an Chustaim, Baile Átha Cliath 1 (teileafón 01-888-2769) idir 10.00am agus 4.30pm (Luan go hAoine), nó go gcuirfear obair an Choimisiúin i gcrích. Is gá don Choimisiún tuairisciú a dhéanamh tráth nach déanaí ná trí mhí tar éis fhoilsiú thoradh deiridh an Daonáirimh ag an bPríomh-Oifig Staidrimh i leith dhaonra iomlán an Stáit. Tá súil ag an bPríomh-Oifig Staidrimh an tuairisc ábhartha a fhoilsiú i Márta na bliana 2017.

I gcomhréir le halt 10 den Acht Toghcháin, 1997, tá ráiteas ullmhaithe ag an gCoimisiún ar na forálacha bunreachta a bhaineann le dáilcheantair Dhála, mar aon le táblaí a thaispeánann staitisticí ábhartha bunaithe ar Réamhthorthaí Dhaonáireamh 2016 do na dáilcheantair Dhála agus do thoghlaigh Pharlaimint na hEorpa atá ann faoi láthair. Tá an ráiteas seo agus na táblaí seo ar fáil ar láithreán gréasáin an Choimisiúin nó is féidir iad a iarraidh ón gCoimisiún.